



**SCÉIM TEANGA  
ACHT NA  
dTEANGACHA  
OIFIGIÚLA 2003**

**2018 - 2021**

## CLÁR ÁBHAR

|                   |   |           |
|-------------------|---|-----------|
| <b>Caibidil 1</b> | <b>Cúlra</b>  | <b>3</b>  |
| 1.1               | Réamhrá   | 3         |
| 1.2               | Treoirlínte maidir le scéim a ullmhú  | 3         |
| 1.3               | Cúlra   | 3         |
| 1.4               | Dáta tosaithe na scéime   | 4         |
| <b>Caibidil 2</b> | <b>Forbhreathnú</b>   | <b>5</b>  |
| 2.1               | Forbhreathnú ar an gCoimisiún um Chaighdeán                                       | 5         |
| 2.2               | Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeán  | 5         |
| 2.3               | Custaiméirí   | 5         |
| 2.4               | Suíomhanna Gréasáin   | 6         |
| <b>Caibidil 3</b> | <b>Gealltanais chun seirbhísí i nGaeilge a sholáthar</b>                          | <b>7</b>  |
| 3.1               | An teanga ina soláthraítear seirbhísí faoi láthair                                | 7         |
| 3.2               | Oibleagáidí reachtúla agus gealltanais  | 7         |
| 3.3               | Modhanna chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal/faisnéis a sholáthar don phobal | 7         |
| 3.3.1             | Seirbhísí Fáiltithe/Teileafóin  | 7         |
| 3.3.2             | Duine le duine  | 8         |
| 3.3.3             | Comhfhreagras agus ríomhphost   | 8         |
| 3.3.4             | Foilseacháin  | 8         |
| 3.3.5             | Preaseisiúintí  | 8         |
| 3.3.6             | Cumarsáid leictreonach  | 8         |
| 3.3.7             | Imscrúduithe  | 9         |
| 3.3.8             | Agallaimh sna meáin   | 9         |
| 3.3.9             | Twitter   | 10        |
| <b>Caibidil 4</b> | <b>Acmhainn a fhorbairt le haghaidh soláthar seirbhísí</b>                        | <b>11</b> |
| 4.1               | Inniúlacht na Foirne a Fhorbairt  | 11        |
| 4.1.1             | Acmhainní   | 11        |
| 4.1.2             | Gealltanais   | 11        |
| 4.2               | An tÉileamh a Mheas   | 12        |
| <b>Caibidil 5</b> | <b>Faireachán agus athbhreithniú</b>  | <b>13</b> |
| <b>Caibidil 6</b> | <b>Poibliú na scéime comhaontaithe</b>  | <b>13</b> |

# Caibidil 1 Cúlra

## 1.1 Réamhrá

Ullmhaíodh an Scéim seo faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (an tAcht). D'iarr an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) scéim a dhréachtú.

Foráiltear le hAlt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge amháin,
- trí mheán an Bhéarla amháin, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon,

agus na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanfaidh scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

## 1.2 Treoirínite maidir le scéim a ullmhú

Dréachtaíodh an scéim seo de réir Treoirínite arna n-ullmhú ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi alt 12 den Acht. D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin fógraí faoi alt 13 den Acht lena iarradh ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh i ndáil le hullmhú na dréachtscéime. Is mór againn na haighneachtaí a fuarthas.

Cloíonn an Coimisiún um Chaighdeáin leis an bprionsabal gur cheart an soláthar seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe orthu seo:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí sonracha sa Ghaeilge;
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith seirbhísí den sórt sin;
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus

- ábaltacht an chomhlachta lena mbaineann an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Ceapadh an scéim seo chun a chinntiú gur ar bhonn céimneach tríd an scéim seo agus scéimeanna amach anseo a thabharfaí aghaidh iomlán ar na hoibleagáidí ábhartha uile atá ar an gCoimisiún um Chaighdeáin faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

### 1.3 Cúlra

Is é aidhm na scéime seo na seirbhísí a sholáthraíonn an Coimisiún um Chaighdeáin sa Ghaeilge a dhaingniú agus a fheabhsú.

Rinne an Coimisiún um Chaighdeáin maoirsiú ar ullmhú na scéime agus is faoi Rúnaí an Choimisiúin atá sé faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin tiomanta don raon iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge agus beidh gach doiciméad a fhoilseofar ar a shuíomhanna Gréasáin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon. Is sainaitheanta sa scéim atá réimsí ina gcuirfear feabhas amach anseo ar an tseirbhís a sholáthraíonn an Coimisiún um Chaighdeáin.

### 1.4 Dáta tosaithe na scéime

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim seo. Tiocfaidh sí i bhfeidhm an **01 Deireadh Fómhair 2018** agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí.

## Caibidil 2      Forbhreathnú

### 2.1      Forbhreathnú ar an gCoimisiún um Chaighdeáin

Comhlacht neamhspleách a bunaíodh i mí na Nollag 2001 leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, is ea an Coimisiún um Chaighdeáin. Tá seisear comhaltaí ann agus tá sé faoi chathaoirleacht ag an mBreitheamh Onórach Daniel O’Keeffe, iar-Bhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte. Tá ról mhaoirseachta ag an gCoimisiún faoi chúig phíosa reachtaíochta ar leith, is iad sin:

- an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, (na hAchtanna um Eitic);
- Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;
- an tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú (na hAchtanna Toghcháin);
- an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014 (an tAcht um Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte);
- an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

### 2.2      Feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin

Déanann an Coimisiún um Chaighdeáin maoirseacht ar an nochtadh leasanna ag polaiteoirí áirithe agus ag seirbhísigh poiblí shinsearacha áirithe; déanann sé maoirsiú ar chomhlíonadh ceanglas imréitigh cánach ag gach polaiteoir náisiúnta agus ag gach seirbhíseach poiblí sinsearach; agus déanann sé imscrúdú ar ghearáin faoi pholaiteoirí náisiúnta agus áitiúla agus faoi sheirbhísigh poiblí faoin reachtaíocht um eitic. Chomh maith leis sin, déanann sé maoirseacht ar an nochtadh síntiús polaitíochta agus ar chaiteachas toghcháin ag polaiteoirí náisiúnta agus ag páirtithe polaitíochta faoin reachtaíocht toghcháin. Déanann sé athbhreithniú ar ráitis chuntas bhliantúla a thugann páirtithe polaitíochta freisin. Ina theannta sin, déanann sé maoirseacht ar an dóigh a gcaitheann páirtithe polaitíochta an maoiniú a fhaigheann siad ón Stát faoin reachtaíocht toghcháin agus faoin reachtaíocht um liúntas gníomhaíochtaí parlaiminte. Ar deireadh, coinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin an clár brústocaireachta ar bun, déanann sé maoirsiú ar chur chun feidhme an chláir, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh, cuireann sé treoir agus cúnaimh ar fáil agus, nuair is gá, imscrúdaíonn sé sárúithe ar cheanglais dhlíthiúla agus déanann sé gníomh ina leith.

### 2.3      Custaiméirí

Idirghníomhaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin le líon mór geallsealbhóirí, lena n-áirítear comhaltaí den Rialtas, ionadaithe poiblí, Ranna Rialtais, oifigí agus gníomhaireachtaí eile, iriseoirí agus daoine den phobal i gcoitinne.

## **2.4 Suíomhanna Gréasáin**

Feidhmíonn an Coimisiún dhá shuíomh Gréasáin. Ní úsáidtear an suíomh [www.lobbying.ie](http://www.lobbying.ie) ach amháin chun an clár brústocaireachta a chothabháil agus le haghaidh nithe gaolmhara. Úsáidtear an suíomh [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie) don obair eile ar fad a dhéanann an Coimisiún.

## **Caibidil 3      Gealltanais chun seirbhís i nGaeilge a sholáthar**

### **3.1      An teanga ina soláthraítear seirbhísí faoi láthair**

Is é Béarla gnáth-theanga oibre an Choimisiúin um Chaighdeán, rud a léiríonn éilimh ár gcustaiméirí. Tá sé mar bheartas ag an gCoimisiún um Chaighdeán ón tús seirbhís i nGaeilge a sholáthar do chustaiméirí, a mhéid is féidir agus de réir na n-acmhainní atá ar fáil, i gcás gurb í an Ghaeilge an teanga de rogha an chliant. Áirítear le seirbhísí den sórt sin a chinntiú go dtabharfar freagra i nGaeilge ar chumarsáid ar an teileafón nó cumarsáid duine le duine agus ar chomhfhreagras a sheoltar trí Ghaeilge. Foilsítear tuarascálacha bliantúla sa dá theanga oifigiúla. Cuireadh leaganacha Gaeilge nó leaganacha dátheangacha ar fáil de roinnt foilseachán, agus ní de gach foilseachán, atá chun leas an phobail i bhfoirm chruachóipe agus ar ár suíomhanna Gréasáin. I gcás nach mbeidh scil ná acmhainn ar leith ar fáil laistigh den eagraíocht, bainfidh an Coimisiún um Chaighdeán leas as tacaíocht sheachtrach, go háirithe i ndáil le seirbhísí aistriúcháin.

### **3.2      Oibleagáidí reachtúla agus gealltanais**

Tá an Coimisiún um Chaighdeán tiomanta don tseirbhís Ghaeilge a thairgtear dá chliant a fheabhsú de réir a chéile agus don fháil ar sheirbhísí den sórt sin a phoibliú.

### **3.3      Modhanna chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal/faisnéis a sholáthar don phobal**

#### **3.3.1 Seirbhísí Fáiltithe/Teileafóin**

Tairgeann an Coimisiún um Chaighdeán seirbhís i nGaeilge mar seo a leanas:

- seirbhís chéadfhreagartha/beannaithe - ó thosach feidhme na scéime seo, beannóidh baill foirne Fáiltithe i Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeán do chustaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla agus beidh na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar eolas acu. Cuirfear oiliúint chuí orthu ina leith sin;
- cuirfidh baill foirne glaoiteoirí atá ag iarraidh seirbhís Ghaeilge nó seirbhís dhátheangach ar aghaidh chuig baill foirne atá ábalta seirbhís den sórt sin a sholáthar;
- maidir le baill foirne atá sainaitheanta a bheith ábalta agus toilteanach seirbhís i nGaeilge a sholáthar, fágfaidh siad leagan dátheangach dá dteachtaireachtaí glórphoist.

Is é an limistéar fáiltithe in Oifig an Ombudsman an limistéar fáiltithe a dhéileálfad le haon daoine a thugann cuairt i bpearsa ar an gCoimisiún um Chaighdeán. Tá Oifig an Ombudsman tiomanta do sheirbhís i nGaeilge a sholáthar do gach duine a thugann cuairt i bpearsa ar an oifig agus do theagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeán i gcás go bhfuil duine den sórt sin ag iarraidh labhairt le ball foirne de chuid Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeán.

### 3.3.2 Duine le duine

Déantar teagmháil duine le duine faoi láthair nuair a bhuaileann cliaint isteach gan choinne (mar atá luaite thuas) nó nuair a bhíonn coinne acu.

Leanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin leis an tseirbhís seo a leanas a sholáthar:

- Coinní - más rud é go dteastaíonn seirbhís i nGaeilge ó chliant agus go n-iarrann sé/sí coinne chun a c(h)ás a phlé, éascófar é/í teacht le chéile le ball foirne atá inniúil i nGaeilge.
- Cuairteanna neamhfhoirmiúla/Bualadh isteach gan choinne - beidh fáil ag cliant ar chainteoir Gaeilge má tá cainteoir Gaeilge ar fáil i Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ag an am sin. Mura bhfuil, tairgfimid sonraí teagmhála cainteora Gaeilge agus coinne leis an duine sin.

### 3.3.3 Comhfhreagras agus ríomhphost

Is sa dá theanga oifigiúla a sheolfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gach ollchumarsáid amach. Mar aon leis an oibleagáid dhlíthiúil atá air freagra i nGaeilge a thabhairt ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a chomhlíonadh, seolfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin aon chomhfhreagras eile i nGaeilge i gcás gur chuir an duine lena mbaineann gurbh fhearr leis/léi a leithéid.

### 3.3.4 Foilseacháin

- Déantar foilseacháin, lena n-áirítear bileoga faisnéise, teoracha agus foirmeacha, a fhoilsiú sa dá theanga oifigiúla ar ár suíomhanna Gréasáin agus, nuair is gá, i bhfoirm chruachóipe, agus leanfar le déanamh amhlaidh.
- I dteannta na dTuarascálacha Bliantúla, foilseofar tuarascálacha tréimhsiúla eile nó tuarascálacha speisialta ón gCoimisiún um Chaighdeáin sa dá theanga.
- Foilseofar Tuarascálacha Imscrúdaithe faoi alt 23 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, arna leasú, sa teanga a úsáideadh le linn na héisteachta.

### 3.3.5 Preaseisiúintí

Leanfaimid le gach preaseisiúint a fhoilsiú sa dá theanga oifigiúla, ach amháin i gcásanna eisceachtúla inar gá ráitis a fhoilsiú ar gearrfhógra agus nach mbeifear in ann an t-ábhar a aistriú laistigh den amscála atá i gceist iontu.

### 3.3.6 Cumarsáid leictreonach

Ceanglaítear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (alt 9(3)) ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú gur i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh an chumarsáid i gcás ina ndéanfaidh siad cumarsáid - i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach - chun faisnéis a thabhairt don phobal i gcoitinne nó d'aicme den phobal i gcoitinne.



Tuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin an tábhacht a bhaineann leis an gcumarsáid leictreonach. Chuige sin, tabharfar faoi na nithe seo a leanas:

- I gcás go mbeidh aon suíomh Gréasáin nua á phleanáil, beidh soláthar an tsuímh Ghréasáin i nGaeilge agus i mBéarla araon ina chuid lárnach den phróiseas pleanála agus soláthair. Beidh gach leathanach Gréasáin nua ar fáil sa dá theanga oifigiúla, ach amháin i gcás na dtuarascálacha imscrúdaithe mar atá luaite thuas.
- Tá seirbhísí ar líne ar fáil sa dá theanga agus leanfar le iad a sholáthar sa dá theanga.
- Is gá formhór na bhfoilseachán a eisíodh roimh an Scéim seo a nuashonrú. Is foilseacháin iad sin atá ar fáil i mBéarla amháin. Nuair a sholáthrófar leaganacha athbhreithnithe Béarla de na doiciméid sin, aistreofar go Gaeilge iad láithreach agus foilseofar iad ina dhiaidh sin. Is é an aidhm atá againn go mbeidh gach doiciméad den sórt sin athbhreithnithe againn laistigh de thréimhse dhá bhliain agus go soláthrófar leaganacha Gaeilge d'fobh díreach ina dhiaidh sin.
- I gcás go bhfoilseofar doiciméad ar na suíomhanna Gréasáin (e.g. tuarascáil bhliantúil) nach mór leagan Gaeilge de a fhoilsiú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, foilseofar an leagan Gaeilge ar an suíomh Gréasáin i gcomhthráth leis an leagan Béarla.
- I gcomhthéacs na dtograí atá ann chun an Coimisiún um Chaighdeáin a dhéanamh níos inrochtana dár gcliaint, is amhlaidh, i gcás go mbeidh seirbhísí ar líne á soláthar, go soláthrófar na seirbhísí sin go comhuaineach sa dá theanga.
- De réir alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, tá oibleagáid ar an gCoimisiún um Chaighdeáin scéim a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le foilsiú na faisnéise atá ar fáil a bhaineann lena cuid oibre.
- Déanfar nasc chuig an leagan Gaeilge den reachtaíocht ábhartha a phostáil, i gcás ina mbeidh sé ar fáil, ar na suíomhanna Gréasáin reatha ó thosach feidhme na Scéime i leith.

Cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas faoi bhaill foirne atá ar fáil chun seirbhís iomlán i nGaeilge a sholáthar.

Tabharfar ainm an Choimisiúin um Chaighdeáin i nGaeilge ar dtús i bhfógraí réamhthairfeadta. Spreagfar baill foirne aonair teachtaireachtaí glórphoist a sholáthar go dátheangach, nuair is féidir.

### **3.3.7 Imscrúduithe**

Cé go seolfar éisteachtaí imscrúdaithe trí Bhéarla, éascófar úsáid na Gaeilge iontu nuair is gá. I gcás go n-iarrfar go seolfaí éisteacht imscrúdaithe i nGaeilge, soláthrófar aistriúchán comhuaineach le linn na héisteachta, de réir mar a mheastar a bheith cuí.

### **3.3.8 Agallaimh sna meáin**

Beidh urlabhraí ón eagraíocht ar fáil do na meáin chun seirbhís Ghaeilge a sholáthar ach réamhfhógra a bheith faighte.

### **3.3.9 Twitter**

Is i mBéarla amháin a bheidh cumarsáidí ar Twitter, ach amháin i gcás go mbeifear ag tabhairt

freagra ar theachtairacht atá scríofa i nGaeilge. Sa chás sin, is i nGaeilge amháin a bheidh an chumarsáid.

## **Caibidil 4      Acmhainn a fhorbairt le haghaidh soláthar seirbhísí**

### **4.1      Inniúlacht na Foirne a Fhorbairt**

#### **4.1.1 Acmhainní**

Faoi shocrú seirbhísí comhroinnte, is í Oifig an Ombudsman atá freagrach as acmhainní foirne a leithdháileadh ar an gCoimisiún um Chaighdeán. Is eol don Oifig na dúshláin a bhaineann le baill foirne atá inniúil i nGaeilge a earcú, a oiliúint agus a choinneáil. Bíonn soláthar rathúil seirbhísí reatha agus seirbhísí feabhsaithe i nGaeilge ag brath go mór ar bhaill foirne a bheith ábalta agus toilteanach seirbhísí den sórt sin a sholáthar.

#### **4.1.2 Gealltanais**

Féachfaidh an Coimisiún um Chaighdeán lena hacmhainn Ghaeilge a fhorbairt trí shraith sásraí amhail beartais earcaíochta, oiliúna agus choinneála. Leanfaidh an Coimisiún lena chinntiú go dtuigfidh baill foirne éirim an Achta, go dtuigfidh siad na ceanglais dhlíthiúla láithreacha lena mbaineann agus an gealltanais chun seirbhís a fheabhsófar de réir a chéile a sholáthar agus go bhféachfaidh siad ar an tseirbhís sin mar chuid dhílis den obair chun seirbhís ardchaighdeán a sholáthar do chliant.

Spreagfaidh an Coimisiún um Chaighdeán baill foirne an Ghaeilge atá acu cheana féin a úsáid; cuirfimid oiliúint ar bhaill foirne agus tabharfaimid tacaíocht dóibh ionas gur féidir an inniúlacht reatha a fheabhsú agus soláthróimid na tacaí cuí riaracháin atá riachtanach chun a chinntiú gur féidir na caighdeán/gníomhartha atá sainaitheanta a chomhlíonadh.

- Oiliúint i bhFeasacht Teanga - Leanfar le beartas oiliúna na heagraíochta a úsáid chun dearcadh dearfach eolach a chothú i leith cheart an chliant chun seirbhís i nGaeilge a fháil. Déanfar amhlaidh trí oiliúint chuí ionduchtúcháin, a dtreiseofar léi trí oiliúint rialta.
- Spreagfar baill foirne a bhfuil inniúlacht éigin acu sa Ghaeilge a scileanna reatha a úsáid agus a fhorbairt.
- Forbrófar inniúlacht na mball foirne trí chúrsaí oiliúna teanga a sholáthrófar go seachtrach nó go hinmheánach, de réir mar is cuí. Leanfar le baill foirne a spreagadh freastal ar chúrsaí oiliúna teanga le linn uaireanta oifige agus lasmuigh díobh.
- Sainaitheofar riachtanais oiliúna tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Cuirfidh an tOifigeach Oiliúna na riachtanais sin san áireamh i gclár aonair agus chineálacha oiliúna, de réir mar is cuí, i bhfianaise na dtosaíochtaí agus na n-acmhainní atá ann.
- Tá teimpléid Ghaeilge de litreacha/doiciméid a úsáidtear go minic ar fáil. Nuashonrófar iad de réir mar is gá chun baill foirne a spreagadh páirt a ghlacadh i seirbhís i nGaeilge a sholáthar.
- Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi fhoinsí agus faoi sheirbhísí lena dtacófar leo seirbhísí Gaeilge a sholáthar, lena n-áirítear suíomhanna Gréasáin ábhartha agus an liosta

aistritheoirí atá ar fáil don Choimisiún agus a roghnaíodh trí phróiseas tairisceana iomaíche.

- Spreagfar baill foirne páirt a ghlacadh i gcruinniú a reáchtálfar uair amháin sa tseachtain agus ina n-úsáidfear an Ghaeilge i dtimpeallacht neamhfhoirmiúil ar mhaithe lena n-inniúlacht a mhéadú.

## **4.2 An tÉileamh a Mheas**

Chun an t-éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge a mheas go cruinn, leanfaidh an Coimisiún um Chaighdeán le faireachán a dhéanamh ar nósanna imeachta reatha chun ceisteanna, gearáin agus iarrataí a dhéantar i nGaeilge a thaifeadadh.

## **Caibidil 5      Faireachán agus athbhreithniú**

Coinneoidh an Coimisiún um Chaighdeán feidhmiú na scéime faoi athbhreithniú. Beidh córas foirmiúil ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar iarrataí ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil.

Is faoi Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeán a bheidh sé an scéim a fheidhmiú ar bhonn laethúil agus faireachán a dhéanamh ar an leibhéal éilimh.

## **Caibidil 6      Poibliú na scéime comhaontaithe**

Cuirfear an pobal ar an eolas faoi fhorálacha na scéime ar na bealaí seo a leanas:

- Tabharfar i dTuarascálacha Bliantúla tuairisc ar an scéim í féin agus an t-eolas is déanaí ar an dóigh a bhfuil gealltanais maidir le seirbhísí áirithe á gcomhlíonadh. Foilseofar na tuarascálacha sin ar shuíomhanna Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeán.
- Eiseofar preaseisiúint chun a fhógairt gur foilsíodh an scéim agus go bhfuil sí ar fáil.
- Scaipfear an scéim ar dhaoine a rinne aighneacht mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, ar eagraíochtaí Gaeilge agus ar chomhlachtaí poiblí ábhartha.
- Postálfaidh an Coimisiún um Chaighdeán fógraí, de réir mar is gá, ar na suíomhanna Gréasáin agus i bhfoilseacháin, agus aird á tarraingt aige ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge.

Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Teanga